Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2021 (OR. en)**

**9747/21**

**SOC 394**
**EMPL 291**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9131/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an teilea-obair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, conclúidí na Comhairle maidir leis an teilea-obair, a d'fhormheas an Chomhairle (EPSCO) ag an gcruinniú a bhí aici an 14 Meitheamh 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an teilea-obair**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG FÉACHAINT DO

1. Airteagal 151 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina bhforáiltear go mbeidh sé de chuspóirí ag an Aontas agus ag na Ballstáit, agus aird á tabhairt acu ar chearta sóisialta bunúsacha amhail iad sin atá leagtha amach i gCairt Shóisialta na hEorpa arna síniú in Turino an 18 Deireadh Fómhair 1961 agus i gCairt Chomhphobail 1989 um chearta sóisialta bunúsacha le haghaidh oibrithe, dlús a chur le fostaíocht, le dálaí feabhsaithe maireachtála agus oibre, chun go bhféadfar iad a chomhchuibhiú agus an feabhsú á choimeád ar bun, le cosaint chuí shóisialta, leis an agallamh idir na comhpháirtithe sóisialta, le hacmhainní daonna a fhorbairt ar mhaithe le hardleibhéal marthanach fostaíochta agus leis an eisiamh a chomhrac.

2. An chaoi ar dhearbhaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a dtiomantas polaitiúil comhroinnte beart a dhéanamh de réir a mbriathair maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (dá ngairtear ‘an Colún’ anseo feasta), lena n-áirítear prionsabail maidir le cearta bunúsacha na n-oibrithe agus maidir le dálaí maireachtála agus oibre feabhsaithe. Is tiomantas agus freagracht pholaitiúil chomhroinnte é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur i gcrích. Ba cheart Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, agus aird chuí á tabhairt ar thimpeallachtaí socheacnamaíocha éagsúla agus ar éagsúlacht na gcóras náisiúnta, lena n-áirítear ról na gcomhpháirtithe sóisialta, agus i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. De réir Phrionsabal 2 den Cholún, cuirtear i bhfios go láidir nach mór deimhin a dhéanamh de go gcaitear go comhionann le mná agus le fir agus go mbeidh comhdheiseanna acu agus an méid sin a chothú i ngach réimse, agus go bhfuil an ceart ag mná agus fir ar phá comhionann a fháil as obair ar luach comhionann. Tagraítear i bPrionsabal 3 don cheart ag cách ar chóir chomhionann i ndáil leis an bhfostaíocht, beag beann ar inscne, ar bhunús ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Tá tagairt i bPrionsabal 4 don tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht. Cuirtear i bhfios go láidir i bPrionsabal 5 go bhfuil an ceart ag oibrithe cóir chothrom agus chomhionann a fháil i dtaca le dálaí oibre, rochtain ar chosaint shóisialta agus oiliúint, beag beann ar an gcineál caidrimh fostaíochta atá acu agus ar an bhfad atá an caidreamh sin ar bun. Leagtar béim i bPrionsabal 9 ar an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do dhaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu. Tá tagairt i bPrionsabal 10 don ghá atá le timpeallacht oibre atá folláin, sábháilte agus curtha in oiriúint go maith, agus cuirtear i bhfios go láidir i bPrionsabal 12, go bhfuil, beag beann ar an gcineál caidrimh fostaíochta atá acu agus ar an bhfad atá an caidreamh sin ar bun, an ceart ag oibrithe agus, faoi dhálaí inchomparáide, ag daoine féinfhostaithe, ar chosaint shóisialta leordhóthanach[1].

3. Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ina leagann an Coimisiún amach tionscnaimh nithiúla chun an Colún a chur chun feidhme mar iarracht chomhpháirteach de chuid na mBallstát agus an Aontais, le rannpháirtíocht dhlúth na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta agus i gcomhréir le príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus cosaint shóisialta atá le baint amach faoi 2030[2].

[1] IO C 428, 13.12.2017
[2] COM(2021) 102 final

4. Cairt Shóisialta Eorpach athbhreithnithe Chomhairle na hEorpa an 3 Bealtaine 1996[3], agus go háirithe Airteagal 2 (maidir leis an gceart chun coinníollacha córa oibre, lena n-áirítear an ceart chun uaireanta oibre réasúnta agus chun tréimhsí scíthe), Airteagal 3 (maidir leis an gceart chun dálaí oibre sábháilte agus sláintiúla), Airteagal 6 (maidir leis an gceart chun cómhargáil), Airteagal 27 (maidir leis an gceart atá ag oibrithe a bhfuil freagrachtaí teaghlaigh orthu deiseanna comhionanna agus cóir chomhionann a fháil) agus Airteagal 20 (maidir leis an gceart atá ag gach oibrí chun comhdheiseanna agus cóir chothrom gan idirdhealú ar bhonn gnéis) di[4].

5. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go háirithe Sprioc 8, lena n-áirítear obair chuibhiúil a chur chun cinn do chách[5], agus Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Todhchaí na hOibre, 2019[6].

6. Creat-chomhaontuithe na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir le teilea-obair (2002) agus digiteáil (2020) agus an obair a baineadh amach i measc na gcoistí um idirphlé earnála maidir leis na hábhair sin. Le creat-chomhaontú mhí Iúil 2002, bunaítear creat ginearálta rialacha maidir le teilea-obair, a chomhaontaítear ar bhonn deonach idir an t-oibrí agus an fostóir lena mbaineann, agus é mar aidhm leis forbairt an chineáil nua oibre sin a chur chun cinn agus cosaint na n-oibrithe agus leasanna na bhfostóirí á gcosaint ag an am céanna. Cuirtear i bhfios go láidir ann go bhfuil an chosaint dlí chéanna ag teilea-oibrithe agus atá ag fostaithe atá ag obair go buan in áitreabh an fhostóra agus aithnítear ann na gnéithe a bhaineann go sonrach leis an gcianobair agus a éilíonn oiriúnú nó aird ar leith, amhail coinníollacha fostaíochta, cosaint sonraí, príobháideachas, trealamh, sláinte agus sábháilteacht, obair a eagrú, oiliúint agus cearta comhchoiteanna. Is é is aidhm don chreat-chomhaontú ó mhí an Mheithimh 2020 barrfheabhsú a dhéanamh ar thairbhí na digiteála i saol na hoibre agus cuimsítear ceithre réimse ann; scileanna digiteacha agus fostaíocht a chinntiú; modúlachtaí maidir le ceangal agus dícheangal; an intleacht shaorga (AI) agus prionsabal an duine a bheith i gceannas a ráthú; Meas ar dhínit an duine agus faireachas[7]. I gcomhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir leis an digiteáil, cuirtear i bhfios go láidir nach mór d’aon tionscnamh reachtach uathriail na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú.

---

[3] Níor dhaingnigh na Ballstáit go léir Cairt Shóisialta athbhreithnithe na hEorpa, lenar tugadh cothrom le dáta agus lenar leathnaíodh an liosta ráthaíochtaí atá san ionstraim bhunaidh.

[4] ETS Uimh. 163, atá ar fáil ag: https://www.coe.int/en/web/conventions/full-list/-/conventions/rms/090000168007cf93

[5] Rún a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015, A/RES/70/1, ar fáil ag: https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E

[6] Dearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre, 2019, atá ar fáil ag; An Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair (ilo.org)

[7] Bunachar sonraí na dtéacsanna idirphlé shóisialta, atá ar fáil ag: https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=521&langId=en )

7. Tuarascáil faireacháin EMCO-SPC ar an staid fostaíochta agus shóisialta san Aontas tar éis ráig phaindéim COVID-19 (geimhreadh 2020/2021)[8] agus tuarascáil bhliantúil 2020 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta. Sa tuarascáil ón gCoiste um Chosaint Shóisialta, leagtar béim ar an mbaol suntasach atá ann go leathnófar na héagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir na Ballstáit agus laistigh díobh, agus cuirtear i bhfios go láidir gur cheart leanúint de bheith ag treorú iarrachtaí athchóirithe na mBallstát le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus gur cheart a phrionsabail a chur chun feidhme go córasach[9].

Á MHEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS:

8. Aithnítear sna conclúidí ón gComhairle an 26 Samhain 2019 maidir le geilleagar na dea-bhaile go n-athneartaíonn an dea-bhail agus an rathúnas eacnamaíoch a chéile[10]; Aithnítear sna conclúidí ón gComhairle an 8 Meitheamh 2020 maidir leis an dea-bhail ag an obair a fheabhsú go bhféadfadh táirgiúlacht níos airde agus rannpháirtíocht níos mó i margadh an tsaothair agus caiteachas laghdaithe ar an tsláinte phoiblí a bheith mar thoradh ar an dea-bhail ag an obair[11]; agus sna conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 maidir le Creat Straitéiseach nua an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, iarrtar Creat Straitéiseach nua an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair do na blianta 2021 go 2027[12].

9. Le conclúidí ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 maidir leis an digiteáil ar mhaithe leis an gcomhshaol, cuirtear i dtreis an acmhainneacht a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an gclaochlú digiteach chun poist nua ghlasa agus dhigiteacha a chruthú a bhfuil gá leo don téarnamh eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID-19, agus leagtar béim iontu ar an gcaoi gur cheart an claochlú digiteach a bheith cothrom agus cuimsitheach, agus nár cheart aon duine a fhágáil ar lár[13].

---

8 An Coiste Fostaíochta - An Coiste um Chosaint Shóisialta: *Monitoring Report on the Employment and Social Situation in the EU Following the Outbreak of the COVID-19 Pandemic* [Tuarascáil Faireacháin ar an Staid Fostaíochta agus Shóisialta san Aontas tar éis Ráig Phaindéim COVID-19], Tuarascáil Gheimhreadh 2020/21, atá ar fáil ag: http://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=23592&langId=en

9 Tuarascáil Bhliantúil an Choiste um Chosaint Shóisialta, 2020, atá ar fáil ag: https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=ga&pubId=8349&furtherPubs=yes

10 IO C 400, 26.11.2019, lch. 9

11 8688/20 INIT

12 14942/19 INIT

13 14169/20 INIT

10. Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 maidir leis an gceart chun dícheangail, iarrtar ar an gCoimisiún creat reachtach a thíolacadh d'fhonn íoscheanglais don chianobair ar fud an Aontais a bhunú lena n-áirithítear nach ndéanfaidh an teilea-obair difear do dhálaí fostaíochta teile-oibrithe agus cuirtear i bhfáth gur cheart do chreat den sórt sin dálaí oibre a shoiléiriú, lena n-áirítear soláthar, úsáid agus dliteanas trealaimh, amhail d'uirlisí digiteacha nua agus atá ann cheana, agus gur cheart a áirithiú go ndéantar obair den sórt sin ar bhonn deonach agus go bhfuil cearta, ualach oibre agus caighdeáin feidhmíochta teile-oibrithe coibhéiseach leo siúd atá ag oibrithe inchomparáide[14].

11. Sa tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) maidir le dúshláin na teilea-oibre: eagrú ama oibre, cothromaíocht oibre is saoil agus maidir leis an gceart chun dícheangail, iarrtar go gcuirfí i bhfeidhm comhaontuithe réime na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir le Teilea-obair (2002) agus maidir le Digiteáil (2020) agus meastar di nach mór aird ar leith a thabhairt ar eagrú ama oibre, ar na rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht ag an obair, ar an gcothromaíocht oibre is saoil, ar an gceart chun dícheangail agus ar éifeachtacht na gceart saothair nuair a bhíonn teilea-obair á déanamh[15].

12. Sa tuairim ó CESE maidir le teilea-obair agus leis an gcomhionannas inscne, dírítear aird ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith i gceist le teilea-obair don chomhionannas inscne má táthar ag súil go mbeidh ualach dúbailte na hoibre cúraim íoctha agus neamhíoctha ar mhná, rud a chuirfeadh leis an neamhionannas atá ann cheana féin[16].

13. Sa teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: an bealach Eorpach don Deacáid Dhigiteach], leagtar amach cuspóirí chun fís an Aontais don todhchaí dhigiteach a bhaint amach. Cuireann sí i bhfios go láidir gur cheart go mbainfeadh daoine tairbhe, i measc nithe eile, as rochtain neamh-idirdhealaitheach ar sheirbhísí ar líne agus as cothromaíocht oibre is saoil i dtimpeallacht chianoibre.

---

14 P9_TA-PROV(2021)0021

15 SOC/660, *Challenges of teleworking: organisation of working time, work-life balance and the right to disconnect* [Dúshláin maidir le teilea-oibriú: eagrú ama oibre, cothromaíocht oibre is saoil agus an ceart chun dícheangail], ar fáil ag: https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/challenges-teleworking-organization-working-time-work-life-balance-and-right-disconnect

16 SOC/662, *Teleworking and gender equality – conditions so that teleworking does not exacerbate the unequal distribution of unpaid care and domestic work between women and men and for it to be an engine for promoting gender equality* [An teilea-obair agus an comhionannas inscne – coinníollacha ionas nach gcuirfidh an teilea-obair le dáileadh éagothrom an chúraim neamhíoctha agus na hoibre tí idir mná agus fir agus le go mbeidh sé ina inneall chun comhionannas inscne a chur chun cinn], atá ar fáil ag: https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/teleworking-and-gender-equality-conditions-so-teleworking-does-not-exacerbate-unequal-distribution-unpaid-care-and

14. Tugtar aghaidh cheana féin sa chuid sin d'*acquis* an Aontais a bhaineann le cúrsaí saothair ar dhea-bhail oibrithe na hEorpa, lena n-airítear teilea-oibrithe, agus cuireann sé coimircí ar bun maidir le, i measc nithe eile, dálaí oibre, uaireanta oibre agus sceidil oibre dothuartha. Áirítear orthu sin, i measc gníomhartha eile, treoracha ón gComhairle maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh[17], lena bhforlíontar na bearta chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh le caidreamh fostaíochta de thréimhse socraithe nó le caidreamh fostaíochta sealadaí[18], maidir le gnéithe ar leith d'eagrú ama oibre[19], maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas[20] agus maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí[21].

DE BHRÍ GUR

15. Chun críocha na gConclúidí seo, tuigtear gurb é atá i gceist leis an teilea-obair obair a bhaineann le TFC a úsáid lasmuigh d'áitreabh an fhostóra[22].

---

17 Treoir 91/383/CEE ón gComhairle an 25 Meitheamh 1991. IO L 206, 29.7.1991, lch. 19.

18 Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003. IO L 299, 18.11.2003, lch. 9.

19 Treoir (AE) Uimh. 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019. IO L 186, 11.7.2019, lch. 105.

20 Treoir (AE) Uimh. 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019. IO L 188, 12.7.2019, lch. 79.

21 Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989. IO L 183, 29.6.1989, lch. 1.

22 ILO (2020), COVID-19: *Guidance for labour statistics data collection: Defining and measuring remote work, telework, work at home and home-based work* [Treoir maidir le bailiú sonraí maidir le staidreamh lucht saothair: An chianobair, an teilea-obair, an obair ón mbaile agus an obair a dhéantar sa bhaile a shainiú agus a thomhas], nóta teicniúil EIS (lch. 6) Ní áirítear sa sainmhíniú seo ó EIS an cás sonrach ina ndéantar an obair ar áitreabh de chuid an fhostóra nach ionann agus na háitribh sin ina sanntar an fostaí; cás é sin a mheastar i roinnt Ballstát a bheith ina theilea-obair.

16. Le blianta beaga anuas, tá roinnt athruithe ollmhóra tagtha ar an saol oibre – saol a bhíonn ag athrú seasta síoraí – agus bíodh is go bhfuil deiseanna le tapú i ngeall ar an méadú a tháinig le déanaí ar úsáid na teilea-oibre, tá go leor dúshlán agus rioscaí ag baint léi freisin, go háirithe d'oibrithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, do chaidreamh saothair agus do dhálaí oibre, d'fhostóirí agus dá n-inoiriúnaitheacht i margaí atá ag athrú go tapa, agus don tsochaí i gcoitinne agus do bheartais agus do sheirbhísí poiblí, chomh maith le córais cosanta sóisialta. Ó thosaigh ráig COVID-19, tá méadú agus mórdhlús faoi leith ar an teilea-obair. I suirbhé a rinne Eurofound, i mí Iúil 2020, bhí 34 % d'fhreagróirí ag obair ón mbaile go huile agus go hiomlán[23], i gcomparáid le 5.4 % díobh siúd a bhí fostaithe in AE-27 a d'oibrigh ón mbaile in 2019[24]. I mí Iúil 2020, bhí 46.4 % de mhná go heisiach nó i bpáirt ag obair ón mbaile i gcomparáid le 43.1 % d'fhir[25].

23 Eurofound (2020), *Living, working and COVID-19*, [Maireachtáil, Obair agus COVID-19], sraith COVID-19, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

24 An Coimisiún Eorpach, *Telework in the EU before and after the COVID-19: where we were, where we head to* [An Teilea-obair san Aontas Eorpach roimh COVID-19 agus ina dhiaidh: cá rabhamar, cá bhfuil ár dtriall], Eolaíocht le haghaidh Faisnéis Bheartais, 2020.

25 Eurofound (2020), 'Living, working and COVID-19', [Maireachtáil, Obair agus COVID-19], sraith COVID-19, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg (lch. 32).

17. Léiríonn an méadú ollmhór a tháinig le déanaí ar an teilea-obair nach mór breithniú ar an bhféidearthacht, ar na teorainneacha agus ar na rioscaí a bhaineann leis an teilea-obair. Cé go bhfuil an teilea-obair éigeantach, ar bhonn eisceachtúil, i roinnt de na Ballstáit le linn na paindéime, measann Eurofound gur duine as gach cúigear fostaithe Eorpacha, ar a laghad, a bheidh i mbun na teilea-oibre go rialta nó go hócáideach faoi shamhail hibrideach tar éis na paindéime[26]. Ar aon dul leis sin, luaitear sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2021 an ról lárnach atá anois ag oiriúnú dálaí oibre le linn na paindéime agus go mbeidh sé ríthábhachtach feasta, rud a éilíonn infheistíocht san ionad oibre agus athchóirithe chun feabhas a chur ar infhaighteacht socruithe oibre solúbtha[27]. Léirítear sa taighde a rinneadh gurbh fhearr le go leor oibrithe an tsamhail hibrideach ina mbíonn cumasc den teilea-obair agus d'obair in áitreabh an fhostóra, ós rud é gur léirigh 78 % d'fhostaithe i mbabhta Iúil de r-shuirbhé Eurofound gurbh fhearr leo obair ón mbaile ó am go ham mura mbeadh aon srianta COVID-19 ann; le roghanna comhchosúla ag mná (77.6 %) agus ag fir (76.4 %)[28].

18. Ós rud é gur forbairt nua – forbairt a tháinig chun cinn gan choinne i ngeall ar an bpaindéim – í an úsáid fhorleathan a bhaintear as an teilea-obair, níor oiriúnaíodh rialacha inmheánacha na bhfostóirí, na gcomhaontuithe comhchoiteanna ná dlíthe an tsaothair go fóill chun an t-athrú seo a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh féachaint an gcaithfear céimeanna a thabhairt le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta, chun beartais leordhóthanacha a fhorbairt le haghaidh na teilea-oibre chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann leis an méadú ar úsáid na socruithe éagsúla don teilea-obair, agus an taighde, an taithí agus an saineolas atá ann cheana maidir leis an teilea-obair á gcur san áireamh.

---

26 *Telework, ICT-based mobile work in Europe: Trends, challenges and the right to disconnect* [An Teilea-obair, obair il-ionaid bunaithe ar TFC san Eoraip: Treochtaí, dúshláin agus an ceart chun dícheangail], an 11 Márta 2021 – cruinniú fíorúil EMCO á óstáil ag Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, cur i láthair ó Eurofound, ar fáil ag: https://www.eurofound.europa.eu/publications/presentation/telework-ict-based-mobile-work-in-europe-trends-challenges-and-the-right-to-disconnect

27 7144/2/21 REV1, mír 14

28 Eurofound (2020), 'Living, working and COVID-19', [Maireachtáil, Obair agus COVID-19], sraith COVID-19, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

19. De réir na dtorthaí is déanaí, i measc na ndeiseanna a eascraíonn as an teilea-obair, d'oibrithe, tá; an deis feabhas a chur ar a gcothromaíocht oibre is saoil, táirgiúlacht agus neamhspleáchas níos fearr a bhaint amach, agus laghdú ar an am a chaitear isteach agus amach ag an obair, mar aon le costais ghaolmhara[29]. I gcás fostóirí, tig leis an teilea-obair táirgiúlacht agus éifeachtúlacht a chur chun cinn, coigilteas a dhéanamh ar chostais dhíreacha agus ar chostais ghaolmhara áitreabh agus oifigí, agus le heagrú oibre atá dírithe ar thorthaí a chothú[30]. Ina theannta sin, tig leis forbairt scileanna TF a spreagadh, rochtain ar fhostaíocht a éascú agus cuimsitheacht na margaí saothair a neartú do chatagóirí áirithe oibrithe (go háirithe dóibh siúd faoi mhíchumas nó ar a mbíonn cúraimí cúraim agus clainne)[31], cur le gnóthachain shuntasacha don chomhshaol trí astaíochtaí $CO_2$ agus tionchair eile ar an gcomhshaol a laghdú[32], agus comhtháthú críochach agus dáileadh réigiúnach post idir cathracha agus ceantair thuaithe a chur chun cinn trí mheaitseáil níos fearr a dhéanamh idir soláthar agus éileamh ar shaothar ionas nach mbeidh ar oibrithe bogadh go fisiceach[33].

20. Ar an lámh eile, tá roinnt rioscaí ag baint leis an teilea-obair d'oibrithe, lena n-áirítear, i measc nithe eile, dúshláin maidir le feidhmiú éifeachtúil an bhainistithe acmhainní daonna, rialú iomarcach a fheidhmítear trí fhaireachán a dhéanamh ar úsáid threalamh TF corparáideach, an deighilt idir obair agus an saol príobháideach a dhoiléiriú, leibhéil níos airde déine oibre, láithreacht fhíorúil, leithlisiú sóisialta agus gairmiúil, ardéileamh ar fhéinbhainistiú agus ar fhéineagrú, easpa gníomhaíocht fhisiciúil, neamhoird shíceasóisialta, mhatánchnámharlacha agus eile a eascraíonn as timpeallachtaí oibre neamhleora[34], deacrachtaí a bhaineann le hionadaíocht chomhchoiteann agus cómhargáil a áirithiú, agus rannpháirtíocht laghdaithe na bhfostaithe i gcinnteoireacht san ionad oibre[35].

---

29 Eurofound, *Telework and ICT-based mobile work: flexible working in the digital age*, [An teilea-obair agus obair il-ionaid bunaithe ar TFC: obair sholúbtha sa ré dhigiteach], Iúil 2020

30 *ILO, Working anytime, anywhere: The effects on the world of work, 2017* [EIS, Ag obair am ar bith, áit ar bith: Na héifeachtaí ar shaol na hoibre, 2017]; Eurofound, *Telework and ICT-based mobile work: flexible working in the digital age, 2020* [An teilea-obair agus obair il-ionaid bunaithe ar TFC: obair sholúbtha sa ré dhigiteach, 2020]

31 Eurofound, *Telework and ICT-based mobile work: flexible working in the digital age*, [An teilea-obair agus obair il-ionaid bunaithe ar TFC: obair sholúbtha sa ré dhigiteach], Iúil 2020

32 *How COVID-19 working routines can save emissions in a post-COVID-19 world*, Mar is féidir le gnáthaimh oibre astaíochtaí a shábháil sa domhan iar-COVID-19, IZT-Institute for Future Studies and Technology Assessment

33 Horizon magazine, *Teleworking is here to stay – here's what it means for the future of work*, An teilea-obair le fanacht – seo mar a bheidh do thodhchaí na hoibre, Meán Fómhair 2020, https://horizon-magazine.eu/article/teleworking-here-stay-here-s-what-it-means-future-work.html

34 Féach, mar shampla, EU-OSHA, *Participatory ergonomics and preventing musculoskeletal disorders in the workplace* [An eirgeanamaíocht rannpháirteach: neamhoird mhatánchnámharlacha a chosc san áit oibre, Aibreán 2021; EU-OSHA, *Working with chronic musculoskeletal disorders* [Ag obair le neamhoird ainsealacha mhatánchnámharlacha], Márta 2021

35 Eurofound, *Telework and ICT-based mobile work: flexible working in the digital age* [An teilea-obair agus obair il-ionaid bunaithe ar TFC; obair sholúbtha sa ré dhigiteach]; Eurofound, *Further exploring the working conditions of ICT-based mobile workers and home-based teleworkers* [Féachaint a thuilleadh ar dhálaí oibre oibrithe il-ionaid bunaithe ar TFC agus teilea-oibrithe ag obair ón mbaile, páipéar oibre, 2020

21. Is féidir leis an teilea-obair míchothromaíochtaí amhail iad siúd a bhaineann le scileanna nó le dáileadh neamhchothrom freagrachtaí cúraim a atreisiú. Go háirithe, d'fhéadfadh an teilea-obair neamhionannas inscne a atreisiú in obair chúraim gan phá, ós rud é gur dóchúla gurb iad mná a mheascfaidh an fhostaíocht agus an obair tí[36]. Ag an am céanna, dá n-úsáidfí i gceart é, d'fhéadfadh teilea-obair dháileadh cothrom na hoibre íoctha agus na hoibre cúraim neamhíoctha a chothú idir fir agus mná. Ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach nach mbeidh an teilea-obair ina rogha mhalartach ar obair oifige do mhná amháin, rud a atreiseoidh steiréitíopaí agus cleachtais idirdhealaitheacha. Sa ré dhigiteach, d'fhéadfaí cuidiú leis an mbearna i scileanna digiteacha a dhúnadh le rochtain chomhionann ar nascacht agus ar theicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe do ghrúpaí áirithe ban (e.g. mná níos sine, mná ó ghrúpaí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste)[37].

23. Níl bhíonn fáil ag cách ar an teilea-obair ar bhonn atá comhionann, bíodh sin mar gheall ar chineál na hoibre a dhéantar, ar thithíocht agus ar dhálaí eile amhail easpa nascacht líonra, rochtain ar threalamh agus/nó scileanna digiteacha, nó easpa bonneagair nó easpa infheistíochta sa bhonneagar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh úsáid mhéadaithe na teilea-oibre an éagsúlacht idir fíorshaolta na n-oibrithe ardoilte agus ar bheagán oiliúna a mhéadú agus d'fhéadfadh sí an bhearna dhigiteach idir réigiúin agus laistigh de réigiúin a mhéadú. D'fhéadfadh neamhionannais nua agus neamhionannais atá ag fás, lena n-áirítear idir fir agus mná, a bheith mar thoradh air sin, i dtéarmaí ioncaim agus cáilíochta saoil, chomh maith le patrúin rannpháirtíochta i margadh an tsaothair agus ionchais ghairme fhadtéarmacha, agus méadófar go hindíreach freisin an baol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta d'oibrithe ar bheagán oiliúna.

24. Sa chomhthéacs sin, tá foghlaim ar feadh an tsaoil, bainistíocht agus aiseolas cuí agus go háirithe rochtain ar scileanna digiteacha ríthábhachtach chun ligean d'oibrithe agus d'fhostóirí leas a bhaint as an poitéinseal a eascraíonn as teilea-obair agus ag an am céanna neamhionannais agus eisiamh a chosc atá bunaithe ar an easpa scileanna agus modhanna is gá chun an teilea-obair a dhéanamh.

---

[36] Gender Equality Index 2020: *Digitalisation and the future of work, 2020* [Innéacs Comhionannais Inscne 2020: An Digiteáil agus todhchaí na hoibre, 2020], EIGE

[37] ECFE, *Bridging the digital gender divide: include, upskill, innovate* [An bhearna dhigiteach idir na hinscní a dhúnadh: áireamh, uas-sciliú, nuáil, https://www.oecd.org/going-digital/bridging-the-digital-gender-divide-key-messages.pdf

25. Tá dúshláin shuntasacha ag baint leis an teilea-obair freisin maidir le cur chun feidhme éifeachtach dhlí an tsaothair, agus maidir lena fhorfheidhmiú ag cigireachtaí saothair, a d'fhéadfadh sé gur ghá a n-ionstraimí agus a nósanna imeachta cigireachta a athbhreithniú chun iad a chur in oiriúint do na patrúin nua oibre sin, agus leanúint d'urraim a thabhairt do phríobháideacht oibrithe ag an am céanna.

26. I saol oibre atá dinimiciúil, athraitheach agus níos éagsúlaithe, d'fhéadfadh dúshláin a bheith ag baint leis an teilea-obair ó thaobh na cosanta sóisialta de: tuairiscíonn thart ar aon cheathrú d'oibrithe sa teilea-obair agus i socruithe oibre il-ionaid bunaithe ar TFC, lena n-áirítear oibrithe meánoilte agus ardoilte, meascán de phá íseal, éiginnteacht fostaíochta, easpa rochtana ar oiliúint agus ionchais ghairme theoranta, rud a fhágann go bhfuil staid fostaíochta forbhásaí acu[38].

27. I bhfianaise éagsúlacht na samhlacha gnó, na n-earnálacha agus na bpost, nach bhfuil réiteach a oireann do chách oiriúnach dóibh, tá ról lárnach ag comhpháirtithe sóisialta i gcur i bhfeidhm agus i bhforfheidhmiú na rialacha a bhaineann le teilea-obair agus sa chaibidlíocht maidir leo.

28. Tá cistí curtha ar fáil ag an Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil nua agus faoi Next Generation EU chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát dúshláin a bhaineann leis na hathruithe sa saol oibre a shárú, teilea-obair san áireamh. Leanfaidh Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus an tionscnamh REACT-EU d'oiriúnú oibrithe agus fostóirí i dtaca le hathrú a éascú, agus timpeallacht oibre shláintiúil á cur chun cinn, lena n-áirítear i gcomhthéacs leigheas na géarchéime agus téarnaimh ón géarchéim.

---

38 Eurofound, *Telework and ICT-based mobile work: flexible working in the digital age* [Teilea-obair agus obair il-ionaid bunaithe ar TFC: obair sholúbtha sa ré dhigiteach]

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AGUS IMTHOSCA NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

29. FÉACHAINT ar phleananna gníomhaíochta náisiúnta nó straitéisí náisiúnta a bhunú lena dtugtar aghaidh ar na deiseanna agus ar na rioscaí a bhaineann leis an teilea-obair agus na gnéithe éagsúla di, agus aird á tabhairt ar ghné na hinscne, nó lena n-áirítear an topaic sin i straitéisí atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo.

30. FÉACHAINT ar bheartais lena rialaítear an teilea-obair a leasú nó treoir a eisiúint i gcás inarb iomchuí, go háirithe i ndáil le sláinte agus sábháilteacht, eagrú agus faireachán ar an am oibre, seiceálacha éifeachtacha na gcigireachtaí saothair, agus dlíthe príobháideachais á gcomhlíonadh go hiomlán acu, trealamh fisiciúil agus TF d’oifigí baile agus d’oifigí iargúlta eile, rioscaí a bhaineann le comhionannas idir mná agus fir, deiseanna comhionanna oiliúna agus gairme, liúntais chun na costais a bhaineann le teilea-obair a chumhdach i gcás inarb infheidhme, agus cur chun cinn an idirphlé idir fostóirí agus fostaithe.

31. DLÚS A CHUR lena n-iarrachtaí chun an moladh ón gComhairle a glacadh in 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a chur chun feidhme go héifeachtach agus na hathruithe dinimiciúla sa chaidreamh saothair a chur san áireamh ina bpleananna náisiúnta maidir le cur chun feidhme.

32. FÉACHAINT ar an gcistiú atá ar fáil ón Aontas a úsáid, lena n-áirítear CSE+ agus REACT-EU, i gcomhréir lena gcuspóirí sonracha, chun na dúshláin a bhaineann leis an teilea-obair a shárú.

33. Dea-chleachtais A SHAINAITHINT AGUS A CHUR CHUN CINN chun úsáid mhaith chothrom a bhaint as an teilea-obair, go háirithe as samhlacha teilea-oibre hibrideacha agus TACÚ leis na cleachtais sin a thabhairt isteach ag fostóirí.

34. FÉACHAINT ar thionscnaimh a bhunú nó a athneartú chun an chigireacht saothair agus an tsláinte agus an tsábháilteacht ceirde a neartú i bhfianaise na rioscaí a bhaineann leis an teilea-obair.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ AR LEITH, AGUS IMTHOSCA NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

35. OIBRIÚ I gCOMHAR LE CHÉILE chun feasacht a mhúscailt i ndáil leis na rioscaí, na deiseanna agus na sochair a bhaineann leis an teilea-obair agus an príomhról atá ag an idirphlé sóisialta agus an cómhargáil san ábhar seo.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

36. Tuilleadh taighde agus malartaithe taithí A CHUR CHUN CINN maidir le tionchar na teilea-oibre ar an téarnamh iar-phaindéime.

37. ÉASCÚ A DHÉANAMH ar an malartú taithí agus dea-chleachtas i gcuir chuige náisiúnta maidir leis an teilea-obair.

38. ANAILÍS A DHÉANAMH ar chomhthéacs agus impleachtaí na teilea-oibre san Aontas le linn na paindéime agus ina diaidh agus a mhéid a áirithítear dálaí maithe oibre do theilea-oibrithe leis an dlí sóisialta agus saothair atá san Aontas faoi láthair agus a mhéid a fhreagraíonn sé dá gcás agus dá ndúshláin ar leith, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gceart chun dícheangail.

IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

39. LEANÚINT DE thaithí, dea-chleachtais agus ceachtanna a roinnt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an teilea-obair i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus ina diaidh.

IARRANN SÍ AR NA COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AGUS LÁNURRAIM Á TABHAIRT DÁ RÓL AGUS DÁ NEAMHSPLEÁCHAS , AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

40. FÉACHAINT AR LEANÚINT DE bheith rannpháirteach, ar gach leibhéal, san idirphlé sóisialta maidir le todhchaí na hoibre, agus maidir leis an digiteáil agus an teilea-obair ach go háirithe.

41. FÉACHAINT AR RANNCHUIDIÚ LE dea-bhail, sábháilteacht agus sláinte na dteilea-oibrithe a chosaint, go háirithe i ndáil leis an gcothromaíocht oibre is saoil, an ceart chun dícheangail, dálaí oibre iomchuí agus ionaid oibre a chomhlíonann na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta ceirde, agus le hoiliúint ghairmiúil a sholáthar, go háirithe i scileanna digiteacha.

42. FÉACHAINT ar fheasachta a mhúscailt dhéanamh i ndáil lena thábhachtaí atá sé rialáil leordhóthanach a bheith ann ar leibhéal na hearnála agus na cuideachta agus maidir lena thábhachtaí atá sé na rialacha is infheidhme maidir le ham oibre do theilea-oibrithe a urramú chun go mbeidh siad in ann dícheangal go héifeachtach.

---